Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11314/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0243 (NLE)**

**COPEN 201**
**DROIPEN 78**
**JAI 1041**
**ENV 705**
**RELEX 1010**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 433 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 433 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 433 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.7.2025
COM(2025) 433 final

2025/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (dá ngairtear 'an Coinbhinsiún' anseo feasta).

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Déanann an choireacht chomhshaoil damáiste mór don chomhshaol, do shláinte an duine agus do gheilleagair agus tá sí anois ina hábhar imní méadaitheach san Aontas agus ar fud an domhain. Is í an choireacht chomhshaoil an ceathrú gníomhaíocht choiriúil eagraithe is mó ar domhan i ndiaidh na gáinneála ar dhrugaí, na gáinneála ar dhaoine agus an ghóchumtha. Tá sí ag fás ag rátaí bliantúla idir 5 agus 7 % [(1)]. Coireanna amhail dífhoraoisiú neamhdhleathach, truailliú uisce, aeir agus ithreach, trácht ar shubstaintí ídithe ózóin, póitseáil agus cionta eile, déanann siad an-dochar don bhithéagsúlacht, dochar do shláinte an duine agus scriosann siad éiceachórais iomlána. Tá gníomhaíocht chinntitheach, comhar láidir idirnáisiúnta bunaithe ar chomhthuiscint ar chatagóirí coireachta comhshaoil, smachtbhannaí agus comhar trasteorann de dhíth i leith thionchar domhanda an damáiste agus an díghrádaithe a eascraíonn as sin, agus is minic a bhíonn baint ag an gcoireacht eagraithe leo ar scála trasnáisiúnta.

Le blianta beaga anuas, tá an tAontas Eorpach tar éis dlús a chur de réir a chéile lena iarrachtaí iompar atá díobhálach don chomhshaol a rialáil. Sa lá atá inniu ann, le líon mór ionstraimí reachtacha de chuid an Aontais, treoracha den chuid is mó, leagtar síos caighdeáin agus teorainneacha ábhartha d'earnálacha comhshaoil éagsúla agus oibleagáidí gaolmhara do shealbhóirí dualgais. Chun cosaint an chomhshaoil a fheabhsú a thuilleadh agus chun an comhrac in aghaidh na coireachta comhshaoil a neartú, ghlac an tAontas Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE (dá ngairtear 'TCC' anseo feasta). Le TCC, bunaítear rialacha íosta coiteanna maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú chun an comhshaol a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí, agus maidir le bearta chun an choireacht chomhshaoil a chosc agus a chomhrac agus chun dlí comhshaoil an Aontais a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Tháinig TCC i bhfeidhm an 20 Bealtaine 2024 agus ceanglaítear leis ar na Ballstáit na bearta trasuite is gá a ghlacadh faoin 20 Bealtaine 2026.

Aithníonn Comhairle na hEorpa, arb í an institiúid í a ghlac an chéad ionstraim idirnáisiúnta chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac le Coinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil [(2)] (dá ngairtear 'Coinbhinsiún 1998' anseo feasta), go bhfuil gá le cur chuige idirnáisiúnta feabhsaithe chun na coireanna sin a chomhrac.

Níor tháinig Coinbhinsiún 1998 i bhfeidhm riamh toisc nár baineadh amach an líon íosta daingniúchán nó aontachas ba ghá.

Dá bhrí sin, Coiste Stiúrtha Chomhairle na hEorpa chun maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i réimse chosc na coireachta agus rialú na coireachta – an Coiste Eorpach um Fhadhbanna Coireachta ('CDPC') – bhunaigh sé Meitheal Saineolaithe um Chosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil chun machnamh a dhéanamh i Staidéar Féidearthachta [(3)] ar an mbealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann, trí mheasúnú a

(1) Measúnú Mearfhreagartha UNEP-INTERPOL: *The Rise of Environmental Crime*, Meitheamh 2016.

(2) An Coinbhinsiún maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil, ETS Uimh. 172, a glacadh an 4 Samhain 1998.

(3) *Feasibility Study on the Protection of the Environment through Criminal Law* 'CDPC (2021)9-Fin'.

dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh sé indéanta agus iomchuí Coinbhinsiún nua a fhorbairt chun teacht in ionad Choinbhinsiún 1998 atá ann cheana, agus chinn an Mheitheal i mí an Mheithimh 2022 go raibh sé indéanta agus iomchuí Coinbhinsiún nua a dhréachtú.

An 23 Samhain 2022, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa na Téarmaí Tagartha le haghaidh Coiste Saineolaithe nua um Chosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (‘PC-ENV’)(4)). Bunaíodh PC-ENV chun Coinbhinsiún nua maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil a fhorbairt, agus cuireadh an fhorbairt sin de chúram air, faoi údarás Choiste na nAirí agus CDPC.

Rinne an tAontas an Coinbhinsiún a chaibidliú bunaithe ar an gceathrú rogha d’Airteagal 216(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’), ar dá réir a fhéadfaidh an tAontas comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, ‘más dóigh [don chomhaontú sin...] difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú’.

Rinne an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais sa chaibidlíocht maidir leis an gCoinbhinsiún, i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) CFAE i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach(5)).

Ghlac an tAontas páirt ghníomhach sa chaibidlíocht agus shaothraigh sé an sprioc comhoiriúnacht an Choinbhinsiúin le dlí an Aontais a áirithiú, mar aon le comhsheasmhacht le TCC, chomh maith le cáilíocht agus breisluach an Choinbhinsiúin ar leibhéal idirnáisiúnta.

Tar éis roinnt babhtaí caibidlíochta(6)), tháinig PC-ENV ar chomhaontú maidir le téacs an Choinbhinsiúin nua ag an gceathrú cruinniú a bhí aige an 4-7 Meitheamh 2024.

Ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Coinbhinsiún an [...] agus d’oscail sé é lena shíniú an [...] [i/in/sa/san ...].

Is é is cuspóir don togra seo an próiseas a sheoladh chun go síneoidh an tAontas an Coinbhinsiún agus é beartaithe aige é a thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin trína mholadh don Chomhairle cinneadh a ghlacadh chun údarú a thabhairt don Aontas an Coinbhinsiún a shíniú i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE.

Tá an Coinbhinsiún go hiomlán comhoiriúnach le dlí an Aontais i gcoitinne, agus le TCC go háirithe, agus cuirfear chun cinn leis príomhchoincheapa ó chur chuige an Aontais maidir leis an gcoireacht chomhshaoil ar fud an domhain i measc ballstáit eile de Chomhairle na hEorpa agus príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta a d’fhéadfadh teacht chun bheith ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún.

- **Ábhar an Choinbhinsiúin**

Is é is cuspóir don Choinbhinsiún an choireacht chomhshaoil a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, comhar náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a fheabhsú agus rialacha íosta a bhunú chun stáit a threorú ina reachtaíocht náisiúnta.

Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú, ionchúiseamh a dhéanamh ina leith agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith agus

(4) An Coiste Eorpach um Fhadhbanna Coireachta (CDPC) – *Terms of reference of the Committee of Experts on the protection of the environment through criminal law (PC-ENV)*, CM(2022)148-add2final.

(5) Cinneadh (AE) 2023/2170 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2023 lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin.

(6) Bhí babhtaí caibidlíochta ar siúl an 16-18 Deireadh Fómhair 2023, an 27-29 Feabhra 2024 agus an 4-7 Meitheamh 2024.

sainmhínítear ann na téarmaí 'neamhdhleathach', 'uisce', 'éiceachóras' agus 'dramhaíl'. Tá na sainmhínithe sin i gcomhréir go hiomlán leis na sainmhínithe agus na coincheapa ábhartha faoi dhlí an Aontais.

Cuireann an Coinbhinsiún de cheangal ar a Pháirtithe na bearta is gá a dhéanamh chun na forálacha a leagtar amach sa Choinbhinsiún a ghlacadh. Cumhdaítear leis bearta chun iompar neamhdhleathach a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a bhunú mar chionta coiriúla sa dlí náisiúnta agus chun foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí ábhartha chomh maith le roinnt beart chun comhrac éifeachtach na coireachta comhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear maidir le hacmhainní, oiliúint, comhar agus cineálacha cur chuige straitéiseacha.

Tagraítear sa chaibidil shubstaintiúil maidir leis an dlí coiriúil do chionta neamhdhleathacha agus d'aon ghnó a bhaineann le truailliú, táirgí a sháraíonn ceanglais chomhshaoil a chur ar an margadh, cionta a bhaineann le substaintí ceimiceacha, ábhar radaighníomhach nó substaintí radaighníomhacha, mearcair, substaintí ídithe ózóin agus gáis ceaptha teasa fhluairínithe, cionta a bhaineann le dramhaíl, suiteálacha, longa, chomh maith le hastarraingt neamhdhleathach uisce dromchla nó screamhuisce, trádáil in adhmad a lománaíodh go neamhdhleathach, mianadóireacht neamhdhleathach agus marú, scriosadh, tógáil agus sealbhú flóra nó fána fhiáin faoi chosaint, trádáil i bhfána nó flóra fhiáin faoi chosaint, meath neamhdhleathach ar ghnáthóga laistigh de shuíomh faoi chosaint agus cionta a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha.

Déantar foráil sa Choinbhinsiún freisin maidir le haon cheann de na cionta a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a bhunú mar chion fíorthromchúiseach nuair a dhéantar d'aon ghnó é agus a bhíonn damáiste nó scrios an-tromchúiseach mar thoradh air.

Áirítear i roinn thiomnaithe maidir le forálacha ginearálta an dlí choiriúil forálacha maidir le gríosú, cabhrú agus neartú agus iarracht a dhéanamh, dlínse, dliteanas daoine dlítheanacha, smachtbhannaí agus bearta, imthosca géaraitheacha agus pianbhreitheanna roimhe sin a thug Páirtí eile a chur san áireamh. Ba cheart príosúnacht a bheith i measc na smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha agus féadfar smachtbhannaí airgeadaíochta a bheith orthu freisin. Ba cheart smachtbhannaí airgeadaíochta coiriúla nó neamhchoiriúla a bheith i measc na smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha agus d'fhéadfaí bearta eile a bheith i gceist freisin, amhail dícháiliú ó ghníomhaíocht tráchtála a dhéanamh, eisiamh ó theidlíocht ar leas poiblí, cabhair nó rochtain ar chistiú poiblí agus cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach. Ba cheart do na páirtithe reo, urghabháil agus coigistiú ionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a fhaightear ó na cionta arna mbunú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo a chumasú freisin.

Níor cheart imscrúdú agus ionchúiseamh i leith cionta a bheith faoi réir gearáin. Daoine a bhfuil leas leordhóthanach acu nó a chloíonn le dochar do cheart, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn, ba cheart an ceart a bheith acu páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla a mhéid is ann do na cearta sin sa Pháirtí in imeachtaí i leith cionta coiriúla eile.

Cuireann an Coinbhinsiún de cheangal ar a Pháirtithe comhoibriú agus comhordú le chéile de réir an Choinbhinsiúin seo agus trí ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha a chur i bhfeidhm maidir le comhar in ábhair choiriúla. Cumasaítear leis freisin malartú faisnéise idir na Páirtithe, agus ní mór rialacha cosanta sonraí a chomhlíonadh.

Thairis sin, déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le bearta um chosaint d'íospartaigh agus d'fhinnéithe nó do dhaoine a thuairiscíonn cionta nó a chomhoibríonn ar shlí eile leis an gceartas.

Bunófar Coiste de na Páirtithe, ar a mbeidh ionadaithe na bPáirtithe, a dhéanfaidh, trí shásra faireacháin, faireachán ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus a éascóidh bailiú, anailísiú agus malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais idir na Páirtithe.

Cuireann an Coinbhinsiún bonn ar fáil freisin do na Páirtithe chun leas a bhaint as forchoimeádais áirithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ag eagraíochtaí lánpháirtíochta réigiúnacha raon feidhme coincheapa áirithe sa Choinbhinsiún a shonrú bunaithe ar a ndlí comhchuibhithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh an Coinbhinsiún a chaibidliú agus na treoracha caibidlíochta cuimsitheacha a ghlac an Chomhairle mar aon leis an údarú caibidlíocht a dhéanamh an 28 Meán Fómhair 2023 á gcur san áireamh.

Tá an Coinbhinsiún ailínithe go hiomlán le haidhm an Aontais ardleibhéal cosanta agus feabhsaithe ar cháilíocht an chomhshaoil a bhaint amach mar a fhoráiltear in Airteagal 3(3) CAE agus in Airteagal 191 CFAE.

Léirítear go dlúth sa Choinbhinsiún raon feidhme, struchtúr agus ábhar TCC, lena gcumhdaítear ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí.

Tá na sainmhínithe dlíthiúla agus an téarmaíocht sa Choinbhinsiún i gcomhréir leis na sainmhínithe dlíthiúla agus na coincheapa ábhartha faoi dhlí an Aontais, mar shampla an sainmhíniú ar 'éiceachóras' in Airteagal 2(2)(c) de TCC agus in Airteagal 3(c) den Choinbhinsiún. Freagraíonn na catagóirí cionta sa Choinbhinsiún do na cionta arna mbunú faoi TCC chomh maith leis na forálacha maidir le dliteanas agus smachtbhannaí daoine; cearta nós imeachta agus comhar; bearta coisctheacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta.

Sa Choinbhinsiún, déantar cionta comhshaoil agus a raon feidhme a shainiú go soiléir agus tá siad comhoiriúnach le dlí an Aontais, go háirithe le liosta na gcionta coiriúla in Airteagal 3(2) de TCC. Le liosta na gcionta coiriúla a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún, tugtar aghaidh ar iompraíocht d'aon ghnó agus neamhdhleathach agus tá sé go hiomlán i gcomhréir leis na cionta a bhunaítear faoi TCC. Níl cion maidir le 'hiascaireacht neamhdhleathach' a bhí sa dréacht tosaigh a bhí ag Comhairle na hEorpa sa téacs a comhaontaíodh ar leibhéal na saineolaithe mar gheall ar easpa comhaontaithe idir na Páirtithe. Ní raibh aon chomhaontú ann ach oiread maidir le raon feidhme agus sainmhíniú an chiona maidir le 'mianadóireacht neamhdhleathach agus gáinneáil ar mhianraí agus ar mhiotail' mar a moladh sa dréacht tosaigh a bhí ag Comhairle na hEorpa. Rinneadh an fhoráil ábhartha a athdhréachtú agus ní chumhdaítear léi anois ach gníomhaíochtaí mianadóireachta a dhéantar gan toiliú forbartha a cheanglaítear go dlíthiúil, rud atá i gcomhréir le TCC. Thairis sin, cosúil le TCC, sainítear 'cion an-tromchúiseach' sa Choinbhinsiún i gcás scrios, nó damáiste dochúlaithe, forleathan agus substaintiúil, nó damáiste fadtéarmach, forleathan agus substaintiúil d'éiceachóras a bhfuil méid mór nó luach mór comhshaoil ag baint leis, nó do ghnáthóg laistigh de shuíomh faoi chosaint, nó do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce.

Scriosadh forálacha ón dréacht tosaigh den Choinbhinsiún ag bhí ag Comhairle na hEorpa a bhain le hoibleagáidí stáit agus dícheall cuí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta, oideachas, rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus na meán, measúnú ar mhaímh chomhshaoil agus ní choinnítear iad i dtéacs deiridh an Choinbhinsiúin.

Leasaíodh forálacha maidir le cosc agus múscailt feasachta, oiliúint gairmithe agus bailiú sonraí sa Choinbhinsiún agus rinneadh a mbunbhrí a ailíniú le forálacha comhfhreagracha in TCC (mar shampla Airteagal 16 agus Airteagal 18 de TCC).

Tá forálacha ginearálta an dlí choiriúil, amhail gríosú, cabhrú agus neartú agus iarracht a dhéanamh, dlínse, dliteanas daoine dlítheanacha, smachtbhannaí agus bearta, reo agus coigistiú agus imthosca géaraitheacha, atá sa Choinbhinsiún ailínithe den chuid is mó leis na forálacha comhfhreagracha in TCC. Thairis sin, léirítear na forálacha sin freisin in ionstraimí eile de chuid dhlí coiriúil an Aontais amhail Treoir (AE) 2024/1226 (Treoir maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais) nó Treoir (AE) 2017/1371 (Treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil) chomh maith le Treoir (AE) 2024/1260 (Treoir maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní).

Tá dliteanas daoine dlítheanacha in Airteagal 34 den Choinbhinsiún ailínithe go hiomlán le forálacha Airteagal 6 de TCC, ós rud é go bhfuil an dá cheann faoi réir na gcoinníollacha céanna agus go n-úsáideann siad an fhoclaíocht chéanna. Ina theannta sin, tá Airteagal 33 den Choinbhinsiún maidir le dlínse ailínithe le forálacha Airteagal 12 de TCC, ós rud é go gcinntear forais éigeantacha chomhchosúla chun dlínse a bhunú sa dá cheann acu agus go gcomhfhreagraíonn an fhoráil maidir le héilimh ar dhlínse ó níos mó ná páirtí amháin den Choinbhinsiún ó thaobh ábhair agus cineáil de leis an bhforáil in TCC.

Le forálacha an Choinbhinsiúin a bhaineann le smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha, ceanglaítear ar na Páirtithe a áirithiú gur féidir téarma príosúnachta a ghearradh i leith cionta faoin gCoinbhinsiún (gan íoscheanglais shonracha a leagan síos, áfach, maidir le huastéarmaí príosúnachta mar atá in TCC). Féadfaidh páirtithe smachtbhannaí airgeadaíochta a thabhairt isteach freisin. Tá na forálacha sin maidir le pionóis do dhaoine nádúrtha i gcomhréir le TCC agus tá siad in ionstraimí dlí choiriúil eile de chuid an Aontais freisin, amhail Treoir (AE) 2024/1226, mar shampla. Déantar foráil sa dá chreat dhlíthiúla maidir le smachtbhannaí airgeadaíochta, do dhaoine dlítheanacha chomh maith le smachtbhannaí nó bearta gabhála, amhail dícháiliú ó ghníomhaíocht tráchtála a dhéanamh, eisiamh ó rochtain ar chistiú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais, lamháltais agus ceadanna agus údarú a tharraingt siar. Tá gach cineál pionós agus beart atá sa Choinbhinsiún in TCC freisin, agus tá siad ailínithe le hionstraimí dlí coiriúla eile de chuid an Aontais amhail Airteagal 9 de Threoir (AE) 2017/1371 agus Airteagal 7 de Threoir (AE) 2024/1226.

Tá reo agus coigistiú ionstraimeachtaí agus fáltas cionta coiriúla comhshaoil arna mbunú sa chreat dlíthiúil lena mbaineann in Airteagal 35(3) den Choinbhinsiún agus in Airteagal 10 de TCC freisin. Thairis sin, tá an coincheap maidir le hionstraimeachtaí agus fáltais a reo agus a choigistiú atá in Airteagal 35(3) den Choinbhinsiún ailínithe le Treoir (AE) 2024/1260 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní agus le Rialachán (AE) 2018/1805 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe reo agus d'orduithe coigistíochta. Is féidir teacht ar fhorálacha comhchosúla maidir le hionstraimeachtaí agus fáltais a reo agus a choigistiú freisin in Airteagal 10 de Threoir (AE) 2024/1226 agus in Airteagal 10 de Threoir (AE) 2017/1371.

Déantar foráil sa dá chreat dhlíthiúla maidir le himthosca géaraitheacha, in Airteagal 36 den Choinbhinsiún agus in Airteagal 8 de TCC. Cé go bhfuil na himthosca géaraitheacha céanna sa Choinbhinsiún agus atá in TCC, téann TCC níos faide trí imthosca géaraitheacha eile a liostú, amhail scrios fianaise nó imeaglú finnéithe nó gearánaigh ag an gciontóir. Ina theannta sin, tugann na himthosca géaraitheacha atá in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2024/1226 léiriú nach mór iomlán ar na cinn atá sa Choinbhinsiún.

In Airteagal 39 den Choinbhinsiún agus in Airteagal 15 de TCC, leagtar béim ar a thábhachtaí atá cearta chun páirt a ghlacadh in imeachtaí do dhaoine a bhfuil leas leordhóthanach acu nó a chloíonn le dochar do cheart, agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn.

Cé go mbeidh feidhm ag TCC maidir le cionta coiriúla san Aontas, tá raon geografach níos leithne ag an gCoinbhinsiún lena gcuimsítear ballstáit Chomhairle na hEorpa agus tríú stáit ar fud an domhain a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Dá bhrí sin, is deis uathúil é an Coinbhinsiún chun cosaint an chomhshaoil a chothú lasmuigh den Aontas i gconradh idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de.

De réir na dtreoracha caibidlíochta, ba cheart a bhaint amach go bhfuil an Coinbhinsiún comhoiriúnach le *acquis* an Aontais, rud a rannchuidíonn le saothrú chuspóirí bheartas an Aontais lena gcosnaítear an comhshaol agus a léiríonn, a mhéid is féidir, raon feidhme TCC nua. Forchoimeádas lena sonraítear brí agus raon feidhme na dtéarmaí a luaitear in Airteagal 56(3) den Choinbhinsiún, is uirlis é chun a áirithiú go bhfuil an Coinbhinsiún i gcomhréir le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear TCC agus leis sin go háirithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Coinbhinsiún go hiomlán comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais agus ní chuirfidh sé de cheangal ar an Aontas a rialacha, a rialacháin ná a chaighdeáin a leasú in aon réimse rialáilte.

Tá cuspóirí coiteanna ag an gCoinbhinsiún freisin le beartais agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm acu cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

Go háirithe, tá prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear sa Choinbhinsiún go hiomlán comhsheasmhach le reachtaíocht neamh-idirdhealaithe an Aontais agus cuirfidh sé comhtháthú an bhreithnithe comhionannais chun cinn i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin.

Tá an Coinbhinsiún comhsheasmhach freisin le Teideal V de Chuid a Trí de CFAE, lena dtugtar inniúlachtaí don Aontas Eorpach i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Sa bhreis ar TCC, tá tacar cuimsitheach ionstraimí dlí glactha ag an Aontas Eorpach chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac i measc coireanna eile. Is cuid den chreat dlíthiúil sin iad na hionstraimí dlí seo a leanas:

- Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil,
- Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais,
- Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní,
- Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin,
- Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-ionadaítear agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle,
- Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle,

- Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac.

Thairis sin, tá an Coinbhinsiún comhsheasmhach le *acquis* an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[(7)] agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí[(8)]. Thairis sin, tá an Coinbhinsiún comhsheasmhach le corpas cuimsitheach dhlí comhshaoil an Aontais atá i bhfeidhm nó atá á athbhreithniú faoi láthair agus a chumhdaítear le TCC mar ionstraim chothrománach. Idirghníomhaíonn dlí comhshaoil an Aontais agus TCC le chéile, a mhéid a éilítear leis an sainiú ar chion coiriúil faoi TCC iompar neamhdhleathach, i.e. sárú ar oibleagáidí mar a shainítear i ndlí comhshaoil an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Cuirtear an togra le haghaidh cinneadh lena n-údaraítear síniú an Choinbhinsiúin thar ceann an Aontais faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218(5) CFAE.

Déantar foráil in Airteagal 218(5) CFAE maidir le cinntí 'lena n-údarófar an comhaontú a shíniú'. Ós rud é gurb é is aidhm don togra údarú a fháil chun an Coinbhinsiún a shíniú, is é Airteagal 218(5) CFAE an bunús dlí nós imeachta.

Braitheann an bunús dlí substainteach go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe. De réir an chásdlí, má léirítear le scrúdú ar bheart de chuid an Aontais go saothraítear dhá chuspóir leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur phríomhchuspóir nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na cuspóirí nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bhunú ar bhunús dlí aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhchuspóir nó na leis an bpríomh-chomhpháirt.

Tagann an Coinbhinsiún cuid mhór le TCC. Ós rud é gurb é príomhchuspóir an Choinbhinsiúin rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla ábhartha a shainiú, íoschaighdeáin a leagan síos le haghaidh smachtbhannaí agus íoschaighdeáin a leagan síos le haghaidh bearta eile chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, is é bunús dlí TCC, Airteagal 83(2) CFAE, an bunús dlí substainteach le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin freisin.

- **Inniúlacht an Aontais**

Tá cineál na gcomhaontuithe idirnáisiúnta ('de chuid an Aontais amháin' nó 'measctha') ag brath ar inniúlachtaí an Aontais maidir leis an ábhar sonrach.

Le hAirteagal 3(2) CFAE, foráiltear go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas 'comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích (…) a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú.' Go háirithe, shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh má 'tá baol ann [go ndéanfaidh gealltanais idirnáisiúnta difear do rialacha

---

(7) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

(8) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle.

an Aontais nó go n-athróidh sé iad], ní thugtar le tuiscint go bhfuil na réimsí a chumhdaítear leis na gealltanais idirnáisiúnta agus na cinn a chumhdaítear le rialacha an Aontais ag teacht le chéile ina n-iomláine' ach 'go bhféadfadh gealltanais den sórt sin difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha comhchoiteanna an Aontais nó go n-athróidh siad iad freisin i gcás ina dtiteann na gealltanais sin laistigh de réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha den sórt sin cheana'[(9)]. Ní mór a chur san áireamh san anailís ar chineál inniúlacht an Aontais na réimsí a chumhdaítear le rialacha an Aontais agus le forálacha an chomhaontaithe atá beartaithe, an fhorbairt is intuartha a dhéanfar orthu amach anseo agus cineál agus ábhar na rialacha sin agus na bhforálacha sin, chun a chinneadh an mbeidh an comhaontú atá beartaithe in ann an bonn a bhaint de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhsheasmhach rialacha an Aontais agus d'fheidhmiú cuí an chórais a mbunaítear leo[(10)].

Ós rud é go dtagann raon feidhme an Choinbhinsiúin cuid mhór le TCC, d'fhéadfadh tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do rialacha coiteanna an Aontais nó a raon feidhme a athrú de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE.

Léiríonn an Coinbhinsiún nua struchtúr, cineál, ábhar agus raon feidhme TCC go dlúth. Sa dá cheann acu tá forálacha maidir le cuspóir agus raon feidhme, téarmaíocht agus sainmhínithe, cionta coiriúla, dliteanas daoine dlítheanacha, dlínse, smachtbhannaí agus bearta eile, imthosca géaraitheacha, cearta nós imeachta agus comhar, bearta coisctheacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a ailíniú. Ina theannta sin, le linn na caibidlíochta, baineadh roinnt forálacha ón dréacht-Choinbhinsiún tosaigh a mhol PC-ENV, rud a d'fhág go ndearnadh téacs an Choinbhinsiúin a ailíniú níos dlúithe fós le TCC. Mar léiriú air sin, bhain na forálacha a scriosadh le hoibleagáidí stáit agus dícheall cuí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta, oideachas, rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus na meán, measúnú ar mhaímh chomhshaoil, iascaireacht neamhdhleathach, bunú grúpa saineolaithe maidir le cosaint an chomhshaoil agus gníomhaíocht in aghaidh na coireachta comhshaoil, rannpháirtíocht pharlaiminteach i bhfaireachán, agus bailíocht agus athbhreithniú forchoimeádas. Rinneadh athruithe móra ar roinnt forálacha freisin i gcomparáid leis an dréacht tosaigh, mar shampla an sainmhíniú ar 'neamhdhleathach' agus an cion an-tromchúiseach (ar a dtugtaí 'éicidhíothú' roimhe seo), rud a léiríonn go dlúth anois ábhar TCC.

Thairis sin, tá rialacha an Aontais maidir le coireacht chomhshaoil i bhfeidhm ó bhí 2008 ann agus i bhfianaise thábhacht agus thionchar méadaitheach na gcoireanna sin, leanfaidh siad de bheith ina n-ardtosaíocht agus de bheith ag forbairt ar leibhéal an Aontais.

Dá bhrí sin, ós rud é go dtagann an Coinbhinsiún faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha comhchoiteanna an Aontais, ba cheart an inniúlacht sheachtrach eisiach a bheith ag an Aontas chun an Coinbhinsiún a shíniú don Aontas mar chomhaontú 'de chuid an Aontais amháin'.

Foráiltear leis an gCoinbhinsiún go bhfuil sé ar oscailt lena shíniú ag an Aontas Eorpach (Airteagal 53(1)). Tá forálacha sa Choinbhinsiún freisin maidir le forchoimeádais lena gceadaítear dearbhú chun raon feidhme an téarma 'neamhdhleathach' agus na gcoincheap 'dlí intíre', 'forálacha intíre', 'faoi chosaint' agus 'ceanglas' a úsáidtear sa sainmhíniú ar chionta áirithe faoin gCoinbhinsiún a shonrú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

---

(9) Cás C-114/12, An Coimisiún v an Chomhairle, ECLI:EU:C:2014:2151, míreanna 69 agus 70.

(10) Tuairim 1/13 an 14 Deireadh Fómhair 2014, ECLI:EU:C:2014:2303, mír 74.

- **Comhréireacht**

Ní théann an Coinbhinsiún thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a bhaint amach chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac go héifeachtach agus, dá bhrí sin, tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) CAE. D'fheidhmigh an tAontas inniúlacht inmheánach cheana féin sa réimse sin trí TCC a ghlacadh.

Na breithnithe a bhfuil feidhm acu maidir le TCC, tá feidhm acu maidir leis an gCoinbhinsiún freisin, ós rud é go dtéann tionchar na gcoireanna comhshaoil agus a thábhachtaí atá cosaint an chomhshaoil thar theorainneacha agus go bhfuil cur chuige idirnáisiúnta ag teastáil ina leith. Sainítear sa Choinbhinsiún raon feidhme na gcionta coiriúla chun an t-iompraíocht ábhartha uile a chumhdach agus, an tráth céanna, an t-iompraíocht sin a theorannú don mhéid is gá agus is comhréireach. Tá na cionta agus na smachtbhannaí a leagtar síos sa Choinbhinsiún teoranta do sháruithe tromchúiseacha ar an dlí comhshaoil agus dá bhrí sin urramaíonn siad comhréireacht.

- **An rogha ionstraime**

Foráiltear le hAirteagal 218(5) CFAE go gcuirfidh an Coimisiún nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tograí faoi bhráid na Comhairle, a ghlacfaidh cinneadh lena n-údarófar comhaontú idirnáisiúnta a shíniú. I bhfianaise ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, is iomchuí don Choimisiún togra a thíolacadh chuige sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearna an Coimisiún Eorpach comhairliúchán sonrach le páirtithe leasmhara maidir leis an togra seo.

Iarracht chomhoibríoch a bhí i bhforbairt an Choinbhinsiúin ag Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um chosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, iarracht ina raibh ballstáit Chomhairle na hEorpa rannpháirteach, chomh maith le stáit bhreathnóireachta lena n-áirítear an Suí Naofa.

I gcomhréir le gealltanas Chomhairle na hEorpa dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla, bhí ionchur ó ionadaithe na sochaí sibhialta agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile i gceist freisin le forbairt an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear clár comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC), an tionscnamh domhanda chun deireadh a chur le coireacht fiadhúlra, Wild Legal agus Wildlife Justice Commission.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ullmhaíodh seasaimh chaibidlíochta an Aontais don Choinbhinsiún i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN).

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Is é is aidhm don Choinbhinsiún an comhshaol a fheabhsú toisc go bhfuil sé faoi réir Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) agus, dá bhrí sin, folláine na saoránach freisin, agus tionchar dearfach aige ar an gceart chun na beatha (Airteagal 2 den Chairt), an ceart chun iomláine coirp (Airteagal 3), cúram agus folláine leanaí (Airteagal 24), an ceart chun dálaí oibre sláintiúla (Airteagal 31) agus an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach (Airteagal 35).

Áirithítear leis an gCoinbhinsiún go bhfuil aon chur isteach ar chosaint sonraí pearsanta riachtanach agus comhréireach trína ráthú go gcuirfear coimircí leordhóthanacha cosanta sonraí i bhfeidhm maidir leis na sonraí pearsanta a aistrítear in Airteagal 42 den Choinbhinsiún, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le comhaontuithe idirnáisiúnta.

Baineann an Coinbhinsiún le cearta bunúsacha maidir leis na nithe seo a leanas:

– an tsaoirse fiontraíochta trí dhliteanas daoine dlítheanacha a bhunú in Airteagal 34 agus a chinneadh go soiléir cé na cásanna ina mbeidh duine dlítheanach freagrach as coireanna comhshaoil, chomh maith le foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha in Airteagal 35(2), smachtbhannaí nach mór a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus riachtanas agus comhréireacht aon chur isteach ar an tsaoirse fiontraíochta á n-áirithiú dá bhrí sin,

– prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis (Airteagal 49 den Chairt) in Airteagal 35 trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, lena gcuirtear san áireamh tromchúis an chiona, chomh maith le foráil a dhéanamh maidir le cásanna de chion fíorthromchúiseach in Airteagal 31 agus d’imthosca géaraitheacha in Airteagal 36,

– an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion céanna (Airteagal 50 den Chairt – *ne bis in idem*) in Airteagal 37 trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht pianbhreitheanna deiridh arna ngearradh ag Páirtí eile a chur san áireamh,

agus ba cheart dá Pháirtithe é a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm agus urraim chuí á tabhairt do na cearta sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beartaítear leis an gCoinbhinsiún ranníocaíochtaí airgeadais ó stáit nach ballstáit iad le gníomhaíochtaí Choiste na bPáirtithe. Cé go ndéanfaidh Ballstáit uile Chomhairle na hEorpa ranníocaíochtaí trí ghnáthbhuiséad Chomhairle na hEorpa i gcomhréir le Reacht Chomhairle na hEorpa, déanfaidh na Páirtithe nach Ballstáit iad ranníocaíochtaí seachbhuiséadacha. Déanfaidh an Coiste Airí agus an Páirtí nach Ballstáit de Chomhairle na hEorpa é ranníocaíocht an Pháirtí sin nach Ballstát é a bhunú go comhpháirteach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sásra faireacháin trína ndéanfaidh Coiste na bPáirtithe, atá comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe, faireachán ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Éascóidh sé freisin bailiú, anailísiú agus malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais idir na páirtithe, agus i gcás inarb iomchuí, éascóidh sé úsáid agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin agus tabharfaidh sé tuairim maidir le haon cheist a bhaineann lena chur i bhfeidhm freisin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1 mínítear cuspóir an Choinbhinsiúin.

In Airteagal 2 sainítear raon feidhme an Choinbhinsiúin.

In Airteagal 3, tá sainmhínithe ar théarmaí tábhachtacha an Choinbhinsiúin.

In Airteagal 4 sonraítear cur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir leis an gCoinbhinsiún.

Le hAirteagal 5, déantar foráil maidir le beartais chuimsitheacha chomhordaithe ó Pháirtithe an Choinbhinsiúin.

Le hAirteagal 6, déantar foráil maidir le straitéis náisiúnta a bhunú agus a fhoilsiú.

Le hAirteagal 7, déantar foráil go leithdháilfidh na Páirtithe acmhainní airgeadais agus daonna.

Le hAirteagal 8, déantar foráil maidir le hoiliúint a chur ar ghairmithe ag na Páirtithe.

In Airteagal 9 leagtar amach raon feidhme an bhailithe sonraí agus an taighde.

In Airteagal 10 sonraítear na hoibleagáidí ginearálta faoin gCoinbhinsiún na bearta reachtacha nó na bearta eile is gá a dhéanamh chun cionta arna mbunú leis an gCoinbhinsiún a chosc.

Le hAirteagal 11, déantar foráil maidir le bearta múscailte feasachta.

Le hAirteagal 12, bunaítear cionta a bhaineann le truailliú neamhdhleathach.

Le hAirteagal 13, bunaítear cionta a bhaineann le táirgí a sháraíonn ceanglais chomhshaoil a chur ar an margadh.

Le hAirteagal 14, bunaítear cionta a bhaineann le substaintí ceimiceacha.

Le hAirteagal 15, bunaítear cionta a bhaineann le hábhair nó substaintí radaighníomhacha.

Le hAirteagal 16, bunaítear cionta a bhaineann le mearcair.

Le hAirteagal 17, bunaítear cionta a bhaineann le substaintí ídithe ózóin.

Le hAirteagal 18, bunaítear cionta a bhaineann le gáis ceaptha teasa fhluairínithe.

Le hAirteagal 19, bunaítear cionta a bhaineann le bailiú, cóireáil, iompar, aisghabháil, diúscairt nó loingsiú neamhdhleathach dramhaíola.

Le hAirteagal 20, bunaítear cionta a bhaineann le hoibriú neamhdhleathach nó dúnadh suiteála a bhaineann le gníomhaíocht chontúirteach.

Le hAirteagal 21, bunaítear cionta a bhaineann le hoibriú neamhdhleathach nó dúnadh suiteála lena mbaineann substaintí contúirteacha.

Le hAirteagal 22, bunaítear cionta a bhaineann le hathchúrsáil neamhdhleathach long.

Le hAirteagal 23, bunaítear cionta a bhaineann le sceitheadh substaintí truaillitheacha ó longa.

Le hAirteagal 24, bunaítear cionta a bhaineann le hastarraingt neamhdhleathach uisce dromchla nó screamhuisce.

Le hAirteagal 25, bunaítear cionta a bhaineann le trádáil in adhmad a lománaíodh go neamhdhleathach.

Le hAirteagal 26, bunaítear cionta a bhaineann le mianadóireacht neamhdhleathach.

Le hAirteagal 27, bunaítear cionta a bhaineann le marú, scriosadh, tógáil agus sealbhú neamhdhleathach fána nó flóra fhiáin faoi chosaint.

Le hAirteagal 28, bunaítear cionta a bhaineann le trádáil neamhdhleathach i bhfána nó flóra fhiáin faoi chosaint.

Le hAirteagal 29, bunaítear cionta a bhaineann le meath neamhdhleathach ar ghnáthóga laistigh de shuíomh faoi chosaint.

Le hAirteagal 30, bunaítear cionta a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha.

Le hAirteagal 31, bunaítear cad atá le meas mar chion fíorthromchúiseach.

Le hAirteagal 32, déantar foráil maidir le gríosú, cabhrú agus neartú agus iarracht a dhéanamh.

In Airteagal 33 sonraítear na cásanna ina mbunóidh na Páirtithe a ndlínse maidir leis an gCoinbhinsiún.

Le hAirteagal 34, déantar foráil maidir le dliteanas daoine dlítheanacha.

Le hAirteagal 35, déantar foráil maidir le smachtbhannaí agus bearta.

Le hAirteagal 36, déantar foráil maidir le himthosca géaraitheacha.

Le hAirteagal 37, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht pianbhreitheanna arna ngearradh ag Páirtí eile roimhe sin a chur san áireamh.

Le hAirteagal 38, déantar foráil maidir le himeachtaí a thionscnamh agus leanúint leo.

Le hAirteagal 39, liostaítear cásanna inar cheart do na Páirtithe breithniú a dhéanamh ar chearta a dheonú do dhaoine agus d’eagraíochtaí neamhrialtasacha chun páirt a ghlacadh in imeachtaí.

Le hAirteagal 40, déantar foráil maidir le comhar idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

Le hAirteagal 41, bunaítear an rogha faisnéis a chur ar aghaidh idir Páirtithe gan réamhiarraidh.

In Airteagal 42 sonraítear nach mór na rialacha cosanta sonraí sa reachtaíocht is infheidhme agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta lena rialaítear cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh.

Le hAirteagal 43, déantar foráil maidir le seasamh na n-íospartach in imscrúduithe agus in imeachtaí coiriúla.

Le hAirteagal 44, déantar foráil maidir le cosaint finnéithe faoin gCoinbhinsiún.

Le hAirteagal 45, déantar foráil maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn cionta nó a chomhoibríonn leis an gceartas faoin gCoinbhinsiún.

Le hAirteagal 46, déantar foráil maidir le comhdhéanamh Choiste na bPáirtithe agus a nósanna imeachta inmheánacha.

In Airteagal 47 liostaítear cé na hionadaithe eile a cheapfar nó a d'fhéadfaí a cheapadh ar Choiste na bPáirtithe.

In Airteagal 48 liostaítear feidhmeanna Choiste na bPáirtithe.

Baineann Airteagal 49 leis an ngaol le foinsí eile dlí idirnáisiúnta.

Baineann Airteagal 50 le leasuithe ar an gCoinbhinsiún.

In Airteagal 51 sonraítear éifeachtaí an Choinbhinsiúin.

Le hAirteagal 52, rialaítear an sásra um réiteach díospóidí a bhaineann leis an gCoinbhinsiún.

Le hAirteagal 53, déantar foráil maidir le síniú agus teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

Le hAirteagal 54, déantar foráil maidir le haontú don Choinbhinsiún.

Baineann Airteagal 55 le cur i bhfeidhm críochach an Choinbhinsiúin.

Le hAirteagal 56, déantar foráil maidir leis an rogha forchoimeádas a bheith ann i leith forálacha áirithe den Choinbhinsiúin, go háirithe an fhéidearthacht atá ag eagraíochtaí lánpháirtíochta réigiúnaí raon feidhme coincheapa áirithe sa Choinbhinsiún a shonrú bunaithe ar a ndlí comhchuibhithe.

Le hAirteagal 57, déantar foráil maidir le séanadh an Choinbhinsiúin.

Le hAirteagal 58, déantar foráil maidir leis na cásanna ina bhfuil fógra le tabhairt ó Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

- **Síniú agus téacs an Choinbhinsiúin**

Cuirtear téacs an Choinbhinsiúin faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

Cuirtear téacs an fhorchoimeádais isteach in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Coinbhinsiún, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

2025/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2023, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (‘an Coinbhinsiún’)[(1)].

(2) Ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Coinbhinsiún an [...] agus tá sé beartaithe é a bheith ar oscailt lena shíniú an [...].

(3) Foráiltear le hAirteagal 53 den Choinbhinsiún go mbeidh an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag an Aontas Eorpach.

(4) Leagtar síos leis an gCoinbhinsiún forálacha maidir lena chuspóir agus raon feidhme, sainmhínithe dlíthiúla agus téarmaíocht, cionta coiriúla, dliteanas daoine dlítheanacha, smachtbhannaí agus bearta eile, imthosca géaraitheacha agus maolaitheacha, cearta nós imeachta agus comhar, bearta coisctheacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta maidir le coireacht chomhshaoil.

(5) An 11 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 83(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(2)], atá ailínithe go mór leis an gCoinbhinsiún.

(6) Ós rud é go dtagann raon feidhme agus forálacha substainteacha an Choinbhinsiúin cuid mhór le Treoir (AE) 2024/1203, d’fhéadfadh tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do rialacha coiteanna an Aontais nó a raon feidhme a athrú de réir bhrí Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas chun an Coinbhinsiún a shíniú.

---

(1) Cinneadh (AE) 2023/2170 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2023 lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin, IO L, 2023/2170, 16.10.202, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2170/oj.

(2) Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE, IO L, 2024/1203, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1203/oj.

(7) Chun comhoiriúnacht a áirithiú idir an Coinbhinsiún agus Treoir (AE) 2024/1203, ba cheart don Aontas leas a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 56(3) den Choinbhinsiún raon feidhme an téarma ‘neamhdhleathach’ agus coincheapa eile a úsáidtear chun cionta coiriúla a shainiú faoin gCoinbhinsiún a shonrú trí bhíthin forchoimeádais.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an Coinbhinsiún a shíniú thar ceann an Aontais agus ba cheart an forchoimeádas a fhormheas.

(9) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le Conradh an Aontais Eorpaigh agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn[, le litir dar dáta an …,] gur mian léi páirt a ghlacadh i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo] nó [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le Conradh an Aontais Eorpaigh agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

(11) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus thug sé tuairim uaidh an XXXX[4],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, faoi réir thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin sin[(5)].

*Airteagal 2*

Leis seo, formheastar an forchoimeádas[(6)].

---

(3) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(4) IO C […], […], lch. […].

(5) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

(6) Foilsítear an forchoimeádas in IO, L, [...].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*